

## Nuacht TG4: Réamhobair

## A Intreoir.

## An bhfuil tú in ann na daoine seo a ainmniú?

- Comhalta den Chomhairle Contae / Cathrach áitiúil
- Teachta Dála áitiúil
- An Taoiseach
- An Tánaiste
- An tAire Oideachais
- Feisire ar bith de chuid Pharlaimint na hEorpa
- Príomh-Aire na Breataine
- Uachtarán na Fraince

## B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

Feisire de chuid Pharlaimint na hEorpa	<i>the minister for education</i>
Taoiseach	<i>county council</i>
an Chomhairle Contae	<i>Member of the European Parliament</i>
Príomh-Aire na Breataine	<i>Tánaiste</i>
Uachtarán na Fraince	<i>the economy</i>
an eacnamaíocht	<i>election</i>
an tAire Oideachais	<i>Taoiseach</i>
toghchán	<i>The British Prime Minister</i>
Tánaiste	<i>The President of France</i>

## C Líon na bearnaí.

1. Tá \_\_\_\_\_ freagrach as seirbhísí áitiúla.
2. Is é Richard Bruton \_\_\_\_\_ i láthair na huaire.
3. Is é Enda Kenny an \_\_\_\_\_.
4. Tá Frances Fitzgerald ina \_\_\_\_\_ ó 2016.
5. Is í Theresa May \_\_\_\_\_.
6. Is é François Hollande \_\_\_\_\_.
7. Níl \_\_\_\_\_ ag Fianna Fáil faoi láthair.
8. Is é \_\_\_\_\_ an t-ábhar is mó a dhéanann imní do dhaoine agus iad ag caitheamh vóta.
9. Bíonn \_\_\_\_\_ Mheiriceá ar siúl sa dara seachtain de mhí na Samhna gach ceithre bliana.


**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

**1. Cén fhad atá na hAmanaigh i Meiriceá?**

- dhá chéad bliain
- trí chéad bliain
- cúig chéad bliain

**2. Cén tír as ar tháinig siad?**

- An Ghearmáin
- An Danmhairg
- An Eilvéis

**3. Cé acu de na rudaí seo nár luaigh an t-iriseoir faoi shaol traidisiúnta na nAmanach?**

- tá saol simplí acu
- ní phósann siad ach Amanaigh eile
- caitheann siad cultacha traidisiúnta
- tá creideamh láidir acu
- labhraíonn siad a dteanga féin
- ní bhacann siad leis an teicneolaíocht nua-aimseartha

**4. Is 'stát idir eatarthu' é Peinnsiolváinia. Cén fáth?**

- Is ceann de na stáit is cinniúnaí ó thaobh toghchán de é
- Tá níos mó iarrthóirí ó Pheinnsiolváinia ag seasamh sa toghchán seo
- Is é an toghcheantar is ionadaí den tír ina iomláine é

**5. Cén céatadán de lucht na nAmanach a chaitheann vóta?**

- 1%
- 2.5%
- 5%
- 10%

**6. Cén phríomhchúis nach vótálann níos mó de lucht na nAmanach?**

- níl spéis ar bith acu i gcúrsaí polaitíochta
- ní thaitníonn na páirtithe móra leo
- mar gheall ar an ríomhvótáil

**B** Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An bhfuil sé tábhachtach vóta a chaitheamh, dar leat?
- Tá an cháil ar dhaoine óga nach gcaitheann siad vóta go minic. Cé na cúiseanna a bhíonn ag daoine nach vótálann?
- An bhfuil sé tábhachtach go mbeadh guth láidir polaitíochta ag mionghrúpaí ar nósna nAmanach? Cén fáth?


**A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.**

1. Céard air a raibh Beyoncé agus Jay-Z ag díriú agus iad i mbun stocaireachta do Hillary Clinton?

- cás na mban
- an obair atá déanta ag Hillary ar son daoine óga
- an dul chun cinn atá déanta ag na daonlathaigh ar ábhair a bhaineann le daoine gorma

2. An gcaitheann níos mó ban nó fear vóta, dar leis an iriseoir?

- Caitheann níos mó ban vótaí de ghnáth
- Caitheann níos mó fear vótaí de ghnáth

3. Cén fáth nach mbeadh fonn ar mhná vóta a chaitheamh ar son Trump, dar le Seán?

- B'fhéarr leo vótáil ar son mná
- Rudaí a dúirt sé faoi mhná
- Is iondúil go gcaitheann mná vóta ar son an Pháirtí Dhaonlathaigh i Meiriceá

4. Cén fáth nach gcaithfidh Caitlín vóta ar son Hillary?

- Ní maith léi a fear céile
- Ní thuigeann sí a cuid polasaithe
- Mar ceapann sí nach bhfuil faic déanta aici cé go bhfuil sí 30 bliain i mbun cúrsaí polaitíochta
- B'fhéarr léi vóta a chaitheamh ar son fir

5. Cé mhéad de na mná a deir go vótálfaidís ar son Trump?

- Duine ar bith acu
- Beirt as cúigear
- Triúr as cúigear
- Gach duine acu

**B Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.**

- An gceapann tusa go bhfuil cúrsaí inscne tábhachtach i gcúrsaí polaitíochta? Cén fáth?
- Ar chóir go mbeadh ionadaíocht 50/50 ag mná i gcúrsaí polaitíochta?
- An gceapann tú go mbeadh cúrsaí ní b'fhéarr, ní ba mheasa, nó mar a chéile dá mbeadh níos mó ban ag plé le cúrsaí polaitíochta? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.**1. Céard atá ceannairí ar fud an domhain ag déanamh?**

- A bhua a thréaslú le Donald Trump
- Ag cáineadh thoradh an toghcháin
- Ag déanamh comhbhróin le Hillary Clinton

**2. Cén aois é Trump?**

- Daichead is a naoi
- Seasca
- Deich mbliana agus trí scór

**3. Tá Vladimir Putin sásta faoi thoghadh Trump. Cé eile a luaitear?**

- lucht na heite deise san Eoraip
- lucht na heite clé san Eoraip
- lucht leanta Hillary Clinton

**4. Céard atá ceannairí ar fud an domhain ag déanamh?**

- A bhua a thréaslú le Donald Trump
- Ag cáineadh thoradh an toghcháin
- Ag déanamh comhbhróin le Hillary Clinton

**B** Obair ghrúpa.

1. ‘Toradh gan choinne’ a bhí i dtoghchán uachtaránachta Mheiriceá. Pléigh an ráiteas sin le do ghrúpa. An aontaíonn sibh leis?
2. Dá mbeadh vóta agatsa i dtoghchán Mheiriceá, cé dó nó di a gcaithfeá vóta? Cén fáth?
3. Luaigh an tuairisc go raibh lucht na heite deise san Eoraip sásta leis an toradh i Meiriceá? Céard a thuigeann sibhse leis an ráiteas sin?

## Nótaí